Baill foirne - freagraí samplacha

Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge – comhlánaigh an ceistneoir anseo:
https://dessurveys.education.gov.ie/surveys/polg

1. **Faisnéis chúlra:**

Comhlánaigh seo bunaithe ort féin

2. **Conas a d'fhéadfaí daoine a spreagadh chun oideachas lán-Ghaeilge a roghnú?**

Rogha a bheith ann oideachas lán-Ghaeilge a roghnú ag gach leibhéal. Polasaí do bhunú scoileanna lán-Ghaeilge a fhorbairt agus scoileanna reatha a fhás

Scoileanna neamhspleácha tumoideachais ag an dá leibhéal mar phrionsabal (seachas aonaid Ghaeilge)

Cruthaíonn soláthar naíonraí éileamh ar ghaelscoileanna. Tacaigh le naíonraí chun a bheith inmharthanach & mar bhunchloch an luath-thumoideachais

Scéim taistil (saor) & cóiríocht bhuan a chur ar fáil

Bolscaireacht a dhéanamh ar Oid. lán-Ghaeilge

3. **Cad d'fhéadfaí a dhéanamh chun daltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge a spreagadh chun leanúint lena gcuid oideachais i meánscoileanna lán-Ghaeilge?**

Gaelcholaistí Neamhspleácha áitiúla chun freastal ar dhaltaí bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Deireadh le hAonaid & Sruthanna mar mhúnlaí soláthair úir. Múnla na satailíte níos fearr ach tástáil & athbhreithniú

Is gá nach mbeadh aon idirdhealú le déanamh idir scoil mheán-Bhéarla agus scoil lán-Ghaeilge ó thaobh rogha ábhar, seach-churaclam, áiseanna scoile, cúrsaí sóisialta, a bheith

iomaíoch i gcúrsaí spóirt srl

Bolscaireacht ar bhuntáistí an leanúnachais sa chóras tumoideachais

4. **Cad iad na príomhdhúshláin a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeáin a sholáthar? Conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo chun an soláthar san earnáil a threisiú agus a thacú?**

Ní mór uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge agus cúntóirí teanga a chur ar fáil do gach páiste de réir a leibhéal cumais

Ní mór tumoideachas iomlán i scoil neamhspleách a thairiscint mar bhuncheart agus 2 bhliain iomlán den luath-thumoideachas a dhéanamh caighdeánach i ngaelscoileanna

Méadaigh an soláthar múinteoirí le hardchaighdeán Gaeilge ag gach leibhéal agus iad cáilithe sna hábhair cuí ag an meánleibhéal

An liúntas do mhúineadh trí Ghaeilge a thabhairt ar ais

Oiliúint Tosaigh Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chur ar fáil atá in oiriúint don ghaelscolaíocht, an réamhscolaíocht san áireamh

Ardú feasachta a dhéanamh ar na hacmhainní atá forbartha ag COGG agus cuir go mór le stór na n-acmhainní atá ar fáil

Deimhniú ón CNOS go mbeidh gach rang speisialta le feidhmiú trí Ghaeilge

FGL dírithe ar CRS. Feachtas meallta do CRS dul chun oibre i scoil lán-Ghaeilge

Teastaíonn curaclam, maoiniú, FGL, cúrsaí traenála agus treoir chun ardcaighdeán a chinntiú do naíonraí atá ag soláthar daltaí do ghaelscoileanna

5. Conas mar a cheapann tú is féidir an soláthar tacaíochta do leanaí agus do dhaoine óga le riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna lán-Ghaeilge a fheabhsú?

Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge & cúntóirí teanga

Taighde, FGL, treoirlínte & acmhainní don Oid. Speisialta sa rang

príomhshrutha/speisialta/naíonra

Seirbhísí tacaíochta trí Ghaeilge m.sh. teiripeoirí & síceolaithe

Cáipéisí, tacaíochtaí & acmhainní in oiriúint don chomhthéacs lán-Ghaeilge ar fáil go comhuaineach, seachas aistriúchán ón mBéarla

Treoir ón gCigireacht/SENO maidir le feidhmiú ranganna speisialta in OLG

Foinse tacaíochta ar leith do ranganna speisialta i scoileanna lán-Ghaeilge

6. **Cad a cheapann tú a d'fhéadfaí a dhéanamh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn san oideachas lán-Ghaeilge?**

Clár feasachta – gur féidir & gur fiú do pháistí le RSO & páistí ó thíortha eile freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Poiblíocht a dhéanamh ar an éagsúlacht reatha trí eiseamláirí a chur i láthair i réimse teangacha

Rochtain ar OLG. An rogha áitiúil is mó a roghnaítear – rud nach ann dó san OLG

Tacaíochtaí teanga a chur ar fáil do dhaltaí

Nasc a chruthú le grúpaí éagsúla atá ag plé le grúpaí mionlaigh

Taighde a dhéanamh ar na cúiseanna nach roghnaíonn daoine gaelscolaíocht

7. **Cad atá déanta go rathúil ag do scoil/suíomh chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn lasmuigh den scoil?**

Scríobh moltaí ó do scoil féin a scríobh isteach anseo.

8. Conas a d'fhéadfaí naisc níos fearr a chruthú idir an t-oideachas lán-Ghaeilge agus an pobal i gcoitinne chun úsáid na Gaeilge a chothú laistigh den phobal?

Eolaire de na seirbhísí trí Ghaeilge - siceolaithe, seirbhísí do dhaltaí srl

Polasaí & tacaíocht maidir le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga cumarsáide, spraoi agus sóisialaithe

Polasaí agus infheistíocht Stáit maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa phobal. Tá ról ag an scoil lena pobal féin, ach ní cheart freagracht níos leithne ná sin a bheith ar an scoil. Maoiniú a chur ar fáil chun caidrimh le CLG áitiúil mar shampla a fhorbairt agus comhimeachtaí Gaeilge a eagrú don mhórphobal

9. **Bain úsáid as an spás thíos le do thoil chun tuairimí/léargais bhreise a d'fhéadfadh a bheith agat ar fhorbairt an pholasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a léiriú.**

Cén fhís & plean atá ag an Stát / RO don OLG? Ní mór spriocanna den líon daltaí in OLG agus spriocdháta a bheith leisén uair a bheidh an sprioc bainte amach?

Soláthar scoileanna neamhspleácha lán-Ghaeilge an príomhsprioc

Sainmhíniú ar; thumoideachas / naíonra / gaelscoil / gaelcholáiste / aonad / satailít ó thaobh raon, caighdeáin, cur chuige an tumoideachais &rl

Plean a fhoilsiú chun OLG a sholáthar do gach dalta ar mian leo é. Ardaigh an soláthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge i gceantair atá gann agus an t-éileamh a chruthú do ghaelcholáiste neamhspleách sa chomharsanacht

Tacaigh leis an ngréasán seo trí chlubanna óige, imeachtaí sóisialta srl a chur chun cinn ina mbíonn an Ghaeilge mar theanga cumarsáide

Líon na múinteoirí (luath-bhlianta, bun- agus meán-scoileanna) Gaeilge a mhéadú

Caighdeáin, creat cáilíochta agus cleachtais maidir le tumoideachas a chur le chéile

Polasaí cuimsitheach, nascaithe agus leanúnach a bheith ann agus tiomantas don chur i bhfeidhm a bheith soiléir

Acmhainní a fhorbairt do na leibhéil uile san earnáil

Cinntigh normalú úsáid na teanga trí cheangail a chruthú idir scoileanna lán-Ghaeilge agus na Gaeltachtaí nó ceantair ina bhfuil an Ghaeilge á húsáid go forleathan

Deiseanna comhoibrithe agus cur chuige córasach a fhorbairt maidir le OLG thuaidh-theas

Dlúthnasc idir bunscoileanna agus meánscoileanna a chur chun cinn trí imeachtaí a eagrú chun cabhrú le rátaí aistrithe